Fuinneamh a shábháil ar scoil

! Úsáidtear beagnach 70% den fhuinneamh i scoil do theas agus d'uisce te.

## Smaoinigh faoi...

Seo roinnt ceisteanna a chabhróidh le do rang smaoineamh faoin bhfuinneamh a úsáideann sibh gach lá ar scoil...

1. *Conas a úsáideann sibh fuinneamh ar scoil? Smaoinígí faoi gach seomra; seomra ranga, seomra folctha, seomra na foirne, an oifig, an halla.*
2. *An bhfuil fuinneamh á chur amú ar scoil?*
3. *An féidir libh smaoineamh ar bhealaí chun fuinneamh a shábháil ar scoil?*

Úsáidtear fuinneamh ar scoil do go leor rudaí cosúil le teas, solas, cláir bhána idirghníomhacha agus ríomhairí. Cruthaíonn breoslaí iontaise an chuid is mó den fhuinneamh seo. Cruthaítear dé-ocsaíd charbóin nuair a dhóitear breoslaí iontaise chun fuinneamh a chruthú. Is ceann de na gáis cheaptha teasa is cúis le hathrú aeráide í dé-ocsaíd charbóin.

## Cad is féidir leatsa a dhéanamh?

Tá go leor bealaí ann chun níos lú fuinnimh a úsáid agus chun áit níos compordaí a dhéanamh de do scoil. Is féidir leat airgead a shábháil agus dul i mbun gnímh freisin in aghaidh athrú aeráide trí fhuinneamh a shábháil. Is fiú an scoil iomlán a spreagadh chun páirt a ghlacadh chun fuinneamh a shábháil ar scoil?

Seo na rudaí is mó ba cheart duit a chur san áireamh nuair a dhéanann tú smaoineamh faoi fhuinneamh a shábháil ar scoil:

- Téamh
- Soilsiú
- Ríomhairí agus trealamh oifige, gléasanna fótachóipeála, cláir bhána idirghníomhacha, teilgeoirí

Tá go leor bealaí éagsúla ann chun fuinneamh a shábháil, cosnaíonn roinnt díobh airgead agus ní chosnaíonn roinnt eile díobh aon rud.

**Téamh**

- Seiceáil go bhfuil gach fuinneog dúnta ag deireadh an lae scoile.
- Tarraing cuirtíní agus ísligh dallóga ag deireadh gach lae chun cabhrú le teas a choimeád istigh i rith mhíonna an gheimhridh.
- Ná clúdaigh radaitheoirí agus coimeád troscán amach ó radaitheoirí.
- Múch an radaitheoir san fhorhalla siorraidh ag an mbealach isteach chuig an scoil. Póirse é an forhalla siorraidh ina bhfuil doras amach go dtí an clós agus doras eile isteach go dtí an scoil.
- Ba cheart go mbeadh 300 mm d'insliú in áiléar do scoile.
- I seomraí ranga, ba cheart teirmeastait a shocrú ag 18°C.
- Sábháil uisce chun fuinneamh a shábháil, ná fág sconnaí ar siúl.

**Soilsiú**

- Úsáid bolgáin atá tíosach ar fhuinneamh.
- Múch soilse, go háirithe na soilse is gaire don fhuinneog, nuair a bhíonn dóthain solais ann i rith an lae. Cuir lipéad ar na lasca chun gurb eol do dhaoine cé na soilse atá á rialú ag na lasca.
- Ná tarraing dallóga ach má tá fadhb ann mar gheall ar dhallrú ó sholas díreach na gréine.
- Múch soilse nuair a bhíonn an seomra folamh nó nuair a bhíonn solas nádúrtha i seomra.

**Trealamh teicneolaíochta faisnéise agus oifige**

- Múch an monatóir nuair nach mbíonn ríomhaire á úsáid, fiú ar feadh tréimhse ghearr.
- Roghnaigh ríomhairí agus ríomhairí glúine a bhfuil scáileáin neamhlonracha (scáileáin nach bhfuil lonrach) acu. Laghdóidh sé seo scáil agus dallrú ó fhuinneoga. Is lú seans go dtarraingeoidh tú na dallóga agus go lasfaidh tú na soilse.
- Úsáid na socruithe Bainistíochta Cumhachta ar ríomhaire pearsanta. Smaoineamh maith é a shocrú go dtéann ríomhairí ar Fuireachas mura n-úsáidtear iad ar feadh uair an chloig nó dhó. Socraigh go dtéann ríomhairí a chodladh thar oíche agus i rith deirí seachtaine. Cinntigh go múchtar ríomhairí ag deireadh gach lae.
- Cuir feachtas feasachta ar siúl chun go múchtar gach ríomhaire, printéir agus trealamh oifige ag deireadh an lae.
- Úsáid socruithe Bainistíochta Cumhachta ar ghléasanna fótachóipeála. Laghdaigh an méid cumhachta a úsáidtear nuair nach bhfuil an gléas á úsáid.

- Dún an clár ar an ngléas fótachóipeála nuair nach bhfuil sé á úsáid chun go n-aistríonn sé go dtí an mód spárála cumhachta.
- B'fhéidir go bhfuil citil, coirí uisce agus miasniteoirí i seomra na foirne nó sa seomra eacnamaíocht bhaile. Roghnaigh trealamh a bhfuil rátáil A aige ar an lipéad fuinnimh agus bain úsáid éifeachtúil as. Ná beirigh ach an méid uisce a theastaíonn agus cinntigh go mbíonn miasniteoirí lán sula gcuirtear ar siúl iad.

## Eolas breise

### Acmhainní do Mhúinteoirí agus Scoláirí

*Láithreáin Ghréasáin*

- Chun teacht ar bhileoga eolais, físeáin agus go leor eolais faoi fhuinneamh a shábháil ar scoil, tabhair cuairt ar an mír 'Acmhainní' ar an láithreán gréasáin Fuinneamh san Oideachas.
- Léigh faoi conas atá fuinneamh á shábháil ag scoileanna timpeall na hÉireann.

*Físeáin*

- Tugann scoláirí na hIdirbhliana na deich leid is fearr chun fuinneamh a shábháil ar scoil.
- Insíonn Bunscoil Naomh Clár dúinn conas a dhéanann siad fuinneamh a shábháil ar scoil.
- Insíonn daltaí bunscoile dúinn conas a dhéanann siad fuinneamh a shábháil sa seomra ranga.